

Conas tionóntacht a chlárú



Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board



Tá sé tapa agus éasca tionóntacht a chlárú. Tá an fhaisnéis a chaithfidh tú a sholáthar chun tionóntacht a chlárú le fáil ar an leathanach seo.

Clárú Bliantúil

Ag teacht i bhfeidhm ón 04 Aibreán 2022, tá dualgas ar thiarna talún iarratas a dhéanamh chuig an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC) chun tionóntacht - nó ceadúnas i gCóiríocht Sonrach do Mhic Léinn (SSA) - a chlárú laistigh de mhí amháin dá dháta tosaithe agus gach bliain ina dhiaidh sin, ar chothrom an dáta ar thosaigh an tionóntacht, chomh fada agus atá an ceadúnas tionóntachta/SSA ann.

Maidir le tionóntachtaí reatha, ó 04 Aibreán 2022, gach bliain ar chothrom bliana an dáta ar thosaigh an tionóntacht, ní mór do thiarnaí talún an tionóntacht sin a athchlárú ar bhonn bliantúil, chomh fada agus atá an ceadúnas tionóntachta/SSA ann.

Chun eolas a fháil ar thionóntacht reatha a athchlárú cliceáil anseo: <https://www.rtb.ie/register-a-tenancy/re-register-a-tenancy>.

Conas Tionóntacht a Chlárú

Is é an bealach is éifeachtaí chun do thionóntacht a chlárú ná córas cuntais ar líne an BTC a úsáid, ar féidir teacht air anseo: <http://www.rtb.ie/portal>.

Is próiseas simplí é cuntas ar líne a bhunú. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chóras cuntais ar líne an BTC a úsáid cliceáil anseo: <http://www.rtb.ie/info-hub>.

Faoi láthair, níl aon rogha ann do thionóntacht a chlárú trí úsáid a bhaint as córas clárúcháin tionóntachta ar láithreán gréasáin an BTC trí Ghaeilge, ach is féidir clárúcháin a dhéanamh i nGaeilge ag baint úsáide as [an foirm seo](#).

Tionóntacht a Chlárú leis an bPost

Is féidir foirmeacha páipéir a íoslódáil, a chomhlánú, agus a sheoladh sa phost chuig an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe, Bosca Poist 47, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí, nó is féidir iad a scanadh agus a sheoladh ar ríomhphost chuig registrations@rtb.ie

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ag teastáil ón BTC chun tionóntacht a chlárú:

- ▶ Seoladh Chónaithe ar Cíos
- ▶ Cineál Chónaithe (m.s: Teach Iomlán/Árasán/Seomraí Seomraí Leapa,
- ▶ Spásanna Leapa & Líon na Sealbhóirí
- ▶ Neas-Achar Urláir i Méadair Cearnacha
- ▶ Rátáil Deimhnithe BER (má bhaineann)
- ▶ Údarás Áitiúil ina bhfuil cónaí ar cíos suite
- ▶ Dáta Tosaigh Tionóntachta
- ▶ Ainm/Seoladh an Tiarna Talún/UPSP
- ▶ Ainm an Tionónta/UPSP
- ▶ Gníomhaire Údaraithe (má bhaineann) Ainm/Seoladh/uimhir CRO/UPSP
- ▶ Cuideachta Bainistíochta (má bhaineann) Ainm/Seoladh/Uimhir CRO

Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh mar seo a leanas:

- ▶ Iarratas Ar Líne – Cárta (dochar nó creidmheas), Paypal nó EFT trí SEPA (aistriú bainc) - cuir in iúl le do thoil gurb é €4,000 an luach uasta le haghaidh íocaíochtaí SEPA
- ▶ Iarratas Páipéir - Dréacht Bhainc, Ordú Poist, nó Seic

Ar chúiseanna slándála ní féidir leis an BTC glacadh le hairgead mar íocaíocht táillí.

Tá sonraí faoi tháillí inioctha ar chlárú tionóntachta le fáil anseo: <https://www.rtb.ie/register-a-tenancy/registration-fees>.

Má theastaíonn cúnaimh uait, tá ár seirbhís teagmhála custaiméara ar fáil trí Web Chat le linn uaireanta gnó rialta ar ár suíomh gréasáin.

MÁ CHEANNTAR IARRATAS A CHOINNEÁIL AGUS CÓIP DEN FHOIRM AGUS CRUTHÚNAS PHOSTAIS CHUIG AN BTC DO DO TAIFEAD FÉIN.


Cóiríocht ar Leith do Mhic Léinn

Tabhair do d'aire, le do thoil, go n-athróidh na rialacha clárúcháin do Chóiríocht ar Leith do Mhic Léinn. Is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo: <https://www.rtb.ie/new-changes-to-rental-legislation/student-specific-accommodation>.

Litreacha dearbhuithe

Nuair a bheidh an clárú tionóntachta próiseáilte go hiomlán ag an BTC agus íoctha go hiomlán ag an tiarna talún, gheobhaidh an tiarna talún agus an tionónta(i) litir ag dearbhú go bhfuil an tionóntacht cláraithe. Eisítear litreacha deimhnithe trí ríomhphost nó tríd an bpost, ag brath ar an rogha modh cumarsáide a roghnaíonn an tiarna talún. De ghnáth eisítear litreacha chuig na tionóntaí tríd an bpost, ach amháin má tá iarratas faighte ag an BTC chuige sin trí ríomhphost. Is doiciméid tábhachtacha iad litreacha deimhnithe tionóntachta agus ba chóir iad a choinneáil in áit shábháilte mar d'fhéadfadh go mbeadh ar thiarnaí talún agus tionóntaí tagairt a dhéanamh dóibh le linn na tionóntachta nó tar éis deireadh na tionóntachta.

Féadfaidh tiarnaí talún an litir dheimhnithe a úsáid mar admháil chun an táille clárúcháin a íoc, nuair is cuí. D'fhéadfaí iarraidh ar thiarnaí talún an litir dheimhnithe seo a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim agus faoiseamh ús morgáiste á lorg acu ar réadmhaoín cónaithe. D'fhéadfadh go mbeadh fianaise ar a dtionóntacht ag teastáil ó thionóntaí do roinnt Gníomhaireachtaí Stáit – d'fhéadfadh go mbeadh an litir dheimhnithe ag teastáil chun na críche seo freisin.



Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board